



POLASAÍ UM ÚSÁID SUBSTAINTÍ

Leagan:	2.0
Dáta daingnithe:	19 Meán Fómhair 2018
Dáta Athbhreithnithe:	Deireadh Fómhair 2019

Réamhrá

1.1 Baineann an polasaí seo le daltaí, múinteoirí, baill foirne cúnta, foireann suímh scoile, cuaiteoirí .i. aon duine a thagann isteach ar shuíomh na scoile. Tá sé i bhfeidhm i rith am scoile – amanta sosa san áireamh agus i rith gach eachtra scoile. Tá sé i bhfeidhm ar shuíomh na scoile agus ar aon áit ina bhfuil gníomhaíochtaí scoile ar siúl, m.sh turas scoile.

1.2 ‘Sé aidhm an polasaí um úsáid substaintí na Gaelscoile ná cosc príomhúil. Tá sé mar chuspóir againn ár ndaltaí a chosaint ó droch-iarmhairtí mí-úsáid substaintí agus iarracht cosc a chur orthu tabac, alcól, tuaslagóirí agus drugaí mídhleathacha a úsáid. Táimid ag iarraidh féinmheas níos treise a fhorbairt sna daltaí trí timpeallacht agus atmaisféar dearfach scoile a chothú agus trí eolas aois-oiriúnach ó chlár oideachasúla a chur os a gcomhair.

Bunús

2.1 Tá an saol ina mairimid breac le dúshlán do dhaoine óga a bhfuil tionchar acu ar a sláinte agus a bhfolláine. Tá teagmháil le halcól, tabac agus drugaí mar chuid den saol seo. Caithfidh scoileanna athmhacnamh a dhéanamh ar conas is fearr freastal ar riachtanais a ndaltaí freagra cuí a thabhairt ar shainceistean ar féidir leo a bheith mothálach agus corraitheach.

2.2 De réir riachtanais An Achta Oideachais 1998 ba chóir do scoileanna forbairt sóisialta agus sláinte na ndaltaí a chur chun cinn agus oideachas sláinte a chur a fáil dóibh. Tá an Stráitéis Náisiúnta Frithdhrugaí ‘*Building on Experience*’ mar pholasaí rialtais anois agus tá freagracht dá réir anois ar scoileanna polasaí um úsáid substaintí a bheith i bhfeidhm.

2.3 Tá dualgas dlíthúil agus morálta ar Bhord Bainistíochta Ghaelscoil an Inbhir Mhóir comhlíontacht le dlí coiriúil a chinntiú.

Nósanna Imeachta Cur chun Feidhme, Montatóireachta agus Athbhreithnithe

3.1 Tá an polasaí seo dáilte ar bhaill an Bhoird Bhainistíochta agus ar na daoine seo a leanas:

- Gach ball foirne
- Coiste na dTuistí
- Gach ball de phobal na scoile ach é a iarraidh.



3.2 Coimeádfar taifid sa scoil de chuile teagmhas úsáid substaintí. Eiseofar cóip den pholasáí seo do chuile ball foirne ag tús gach scoilbhliana agus cuirfear a bhfuil ann in iúl dóibh. Déanfaidh an Bord Bainistíochta monatóireacht ar na nósanna imeachta ar bhonn bliantúil agus cinnteofar go bhfuil siad á leanúint.

Bainistiú Teagmhais Bainteach le hAlcól, Tabac agus Drugaí

4.1 ‘Sé tuiscint chuimsitheach na scoile ar theagmas bainteach le drugaí ná:

- Aon iompar deasgnách nó mí-oiriúnach de bharr caithimh alcól, tabac nó drugaí mídhleathacha,
- Díol nó láimseáil aon substaint mídhleathach,
- Seilbh alcól, tabac nó drugaí mídhleathach ar suíomh na scoile nó ag gníomhaíochtaí scoile,
- cur de lámh ar drugaí nó trealamh bainteach (m.sh. steallairí) a aimsítear ar shuíomh na scoile.

4.2 ‘Sé an nós imeachta tuariscithe ar theagmhais mar seo ná:

- **Céim 1** Cuireann fianaise ar theagmhas bainteach le drugaí múinteoir /ball foirne/príomhoide ar an eolas.
- **Céim 2** Cuireann an príomhoide tuistí / caomhnóirí ar an eolas
- **Céim 3** Cuireann an príomhoide Cathaoirleach an Bhord Bhainistíochta ar an eolas
- **Céim 4** Cuirfear na Gardaí ar an eolas ar braith thromchúiseacht an teagmhais
- **Céim 5** Cuirfear Feidhmeannacht na Seirbhíe Sláinte ar an eolas le haghaidh cur de lámh trealamh nó ábhair.

4.3 Beidh tuistí páirteach trí ghlacadh le Cód Iompraíochta agus Polasaí Rollú na scoile. Cuirfear ar an eolas iad maidir le teagmhas ina bhfuil a bpáistí bainteach agus iarrfar orthu freagracht a ghlacadh agus comhoibriú le húdaráis na scoile agus le na Gardaí más gá.

4.4 Ní bheidh baint ar bith ag tuistí i dteagmhais ina bhfuil páiste eile páirteach ach amháin má mheasann údaráis na scoile go bhfuil gá leis; má tá a fhios ag tuistí go bhfuil baint ag páiste eile le teagmhais bainteach le drugaí, ba chóir dóibh múinteoir, an príomhoide nó ball den Bhord Bainistíochta a chur ar an eolas.

4.5 Tá na nósanna imeachta a leanas curtha i bhfeidhm ag an bpolasaí seo chun déileáil le teagmhas ina mbeadh gá le hidirghabháil leighis:

- Cuirfear ‘Réamhchúraim Uilíocha’ i bhfeidhm; m.sh. lámhainní cosanta cúí a chaitheamh srl., níocháin agus slánú suímh i ndiaidh teagmhais; soláthar bruascar buí le cur de lámh steallairí agus ábhair mí-oiriúnacha eile
- Tá oiliúint Gharchabhrach curtha ar fáil do bhall foirne atá oilte agus deimhnithe anois cabhair a thabhairt i gcás éigeandála leighis.

4.6 Tá dea-chaidreamh ag an scoil leis na Gardaí áitiúla agus tabharfar cuireadh do Ghardaí labhairt le daltaí sinsireacha. Is faoin bPríomhoide agus Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta an cinneadh na Garda a chur ar an eolas a dhéanamh i dtaobh miontheagmhais, ach beidh siad bainteach le haon teagmhas mí-úsáid drugaí tromchúiseacha.

Gaelscoil an Inbhir Mhóir

Bóthar Emoclew,
An t-Inbhear Mór,
Co. Chill Mhantáin.



4.7 Má tharlaíonn sé go mbíonn suim ag na meáin i dtaobh teagmhais bainteach le drugaí, cuirfear an cás faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta agus eiseoidh an Cathaoirleach ráiteas ullmhaithe dos na meáin.

4.8 Más rud é go bhfuil forais réasúnacha ag ball foirne a mheas go bhfuil tuiste nó duine fásta ag bailiú páiste ón scoil, nó i láthair ar shuíomh na scoile ar fáth ar bith eile, i ndrochchaoi a bheith ar shuíomh na scoile nó aire a thabhairt don páiste, cuirfear an príomhoide nó an príomhoide tánaisteach ar an eolas agus beidh dualgas cúraim i gceist don páiste. Déanfar gach ní ar gá an dalta a chosaint agus barr a leasa a chinntiú.

4.9 Déanfar gach teagmhas, bainteach le láithreach éinne ar scoil faoi thionchar ábhair mheisciúla, a thaifid agus a thuairisciú don Bhoird Bainistíochta.

4.10 Déanfaidh an Bord Bainistíochta gach tuairisc dá leithéid a mheas agus a mheá agus déanfar cinneadh ar an ngíomh chuí ag braith ar na cúinsí ar leith atá i gceist.

Ról an Bhoird Bhainistíochta

5.1 'Sé ról an Bhoird Bhainistíochta ná:

- An polasaí seo a dhaingniú.
- An polasaí seo a chur i bhfeidhm.
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh air.
- Traenáil a sholáthar nó a chur ar fáil do ghach ball foirne.
- Cinntí a dhéanamh i leith teagmhais chriticiúla.
- Déileáil leis na méain i gcás teagmhais chriticiúla

Sínithe: *Aodhán Ó Coirdealbhan*

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.

Sínithe: *A. O. W. W. W.*

Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bhainistíochta.

Dáta: 19/9/18

Dáta: 19/8/18



SUBSTANCE USE POLICY

Version:	2.0
Ratification date:	19 September 2018
Review date:	October 2019

Introduction

1.1 This policy applies to students, teachers, auxiliary staff members, users of the school premises, visitors, i.e. every person who enters the building. It is applicable during school-time – including breaks and to ALL school related activities. It applies to the school building and grounds and to any area where a school related activity takes place, e.g. School Tour.

1.2 The aim of the substance use policy of Gaelscoil an Inbhir Mhóir is primary prevention. We aim to protect our pupils from the harmful effects of substance misuse and try to prevent them from using tobacco, alcohol, solvents and illegal drugs. We aim to develop in our pupils' better self-esteem, through providing a positive school climate and atmosphere and through giving our pupils age appropriate information from educational programmes.

Rationale

2.1 The world in which we live presents young people with many challenges, which affect their health and well-being. Exposure to alcohol, tobacco and drugs is part of this reality. Schools need to reflect upon how they might provide for the needs of their student cohort and respond appropriately to what are sometimes sensitive and emotive issues.

2.2 The Education Act 1998 provides that schools should promote the social and personal development of students and provide health education for them. The National Drugs Strategy 'Building on Experience' is now government policy and it requires schools to have a substance use policy in place.

2.3 The Board of Management of Gaelscoil an Inbhir Mhóir has a moral and legal obligation to ensure compliance with the criminal law.

Implementation, Monitoring and Review Procedures

3.1 Copies of this policy are distributed to Board of Management members and also to:

- All staff members
- Parents' Association
- All members of School Community on request



3.2 A record will be kept in school of all substance use incidents. A copy of this policy will be issued to all staff members and a reminder of its contents will be given at the first staff meeting of each year. The Board of Management will monitor procedures annually and ensure they are being adhered to.

Management of Alcohol, Tobacco and Drug Related Incidents

4.1 The school's shared understanding of a 'drug related incident' is:

- Any unusual or unbecoming behaviour resulting from intake or use of alcohol, tobacco or illegal drugs,
- The sale or passing on of any illegal substance,
- The possession of alcohol, tobacco or illegal drugs on school grounds or at school related activities,
- Disposal of drugs or related items (e.g. syringes) found on school property.

4.2 The reporting procedure for such incidents is:

- **Step 1:** Witness to drug related incident informs teacher/staff member/Principal
- **Step 2:** Principal inform parents/guardians
- **Step 3:** Principal informs Chairperson of Board of Management
- **Step 4:** Gardaí informed depending on seriousness of incident
- **Step 5:** Health Service Executive informed for disposal of items

4.3 Parents will be involved by accepting the school's Code of Behaviour and Enrolment Policies. They will be informed of an incident involving their own child and will be asked to accept responsibility and co-operate with the school authorities and with the Gardaí if necessary.

4.4 Parents will be involved in incidents involving another child only if deemed necessary by the school authorities; if parents are aware that another child is involved in drug-related incidents under the scope of this policy they should inform the teacher, Principal or a Board member.

4.5 This policy puts the following procedures in place to deal with an incident requiring medical intervention:

- 'Universal Precautions' will be applied; e.g. wearing of proper protective gloves etc., washing and making safe an area after an incident; provision of a yellow bin to dispose of needles or other unsuitable appliances
- First Aid training has been given to a staff member who is now qualified and certified to assist with medical emergencies.

4.6 The school has established an excellent rapport with the local Garda station and will invite representatives from the local Garda station to speak with senior pupils. Whether or not to inform the Gardaí of minor incidents will be at the discretion of the Principal and the Chairperson of the Board of Management, but they will be involved in any serious substance abuse incidents.

4.7 In the event of media interest in relation to a 'drug related incident', the matter will be referred to the Board of Management and the Chairperson will issue a prepared statement to the media.

Gaelscoil an Inbhir Mhóir

Bóthar Emoclew,
An t-Inbhear Mór,
Co. Chill Mhantáin.



4.8 If a member of staff has reasonable grounds to believe that a parent or adult collecting a pupil from school or presenting themselves on the premises for another reason is unfit to be on the premises or to take care of the said pupil, the Principal and/or Deputy Principal will be informed and the duty of care will apply to the pupil. All necessary steps will be taken to protect the pupil and safeguard their best interests.

4.9 All incidents, relating to the presence of persons at school, under the influence of an intoxicant, shall be recorded and reported as soon as possible to the Board of Management.

4.10 The Board of Management shall consider all such reports and decide on the appropriate action to be taken in the circumstances of each particular case.

Role of the Board of Management

5.1 The role of the Board of Management is to:

- Ratify this policy
- Implement this policy
- Monitor and evaluate it
- To sponsor/provide training for staff members
- Make decisions involving critical incidents
- To deal with the media in the event of a critical incident.